

Trí Cinn as a Chéile!...

An naonúr déag a d'imir do Ghaillimh sna trí bliana as a chéile a bhuaigh siad Corn Mhig Uidhir - 1964, '65 agus '66: Johnny Geraghty, Enda Colleran, Noel Tierney, Bosco McDermott, John Donellan, Seán Meade, Máirtín Newell, Mick Garrett, Mick Reynolds, Cyril Dunne, Mattie McDonagh, Séamus

Leydon, Christy Tyrrell, Seán Cleary, John Keenan, Pat Donnellan, Cólín McDonagh, Jimmy Duggan, Liam Sammon.

Buíochas:

Nuair a bhí mé ag déanamh taighde ar na blianta sin, '64-'66, fuair mé riar eolais ó na foinsí seo a leanas: John D. Hickey (nach maireann), ón *Irish Independent*, Mick Dunne & Peadar

O'Brien, *Scéala Éireann*, Paddy Downey, *Irish Times*

An Iris seachtainiúil *Gaelic Weekly*, Jack Mahon - iarpheileadóir na Gaillimhe, Séamus Ó Cualáin, An Spidéal, 'J.P.B.' ón *Tuam Herald*, 'J.B.D.' ón *Connacht Tribune*, Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Coill Rua Thoir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

CORN "SAM MAGUIRE"

Gearóid Ó Dubhghaill

Nuair a shéidfidh an réiteoir an fheadóg i bhPaire an Chrócaigh thart ar a cúig a chlog ar an tríú Domhnach de mhí Mheán Fómhair seo chugainn, tógfar gártha molta mustracha agus iomprófar an captaen buacach go caithréimeach go hArdán Uí Ógáin, mar a mbronnfar Corn Shomhairle Mhig Uidhir air. Ach cérbh é an fear seo a ainmníodh an corn álainn seo ina dhiaidh?

Rugadh Sam i nDún Mánmhaí, Co. Chorcaí sa mbliain 1879. Bhí ceathrar dearthár agus beirt deirfiúr aige. Ba phrotastúnaigh iad uilig. Bhí feirm acu agus iad sách maith as. Fuair sé scolaíocht mhaith agus chuaigh sé isteach sa státseirbhís. Cuireadh go Londain é mar chléireach sa Roinn Poist agus Teileagraif in 1898.

Duine ciúin cneasta a bhí ann, ach ní sheasfadh sé siar dá bhféadfadh sé leas a dhéanamh dá thír. Peileadóir den chéad scoth a bhí ann chomh maith, agus chuir sé an-suim sa gCumann Lúthchleas Gael i Londain. D'imir sé d'fhoireann Hibernian thall agus bhí mar chaptaen orthu sna blianta 1901-1904 agus i rith an ama seo bhuaigh siad ceithre chraobhchomórtas London. Sa tréimhse seo bhí cúrsaí eile ar fheabhas ar fud na cathrach agus d'éirigh le foireann Gaeil London áit a bhuaigh i gcluiche ceannais sinsearach uile Éireann i 1900, 1901 agus 1903. Ach ní raibh an t-ádh leo sna cluichí seo. Bhí Sam ag imirt do Londain sna blianta sin agus bhí sé ina chaptaen i 1901 agus 1903. Bhí ardmheas air mar gheall an treoir a thug sé do Chumann Lúthchleas Gael London agus ceapadh é mar chathaoirleach ar an gCumann i 1907.

Fad is a bhí sé sa tsraith Ghaelach i Londain cheangail Sam leis an I.R.B. agus ba é a mheall Micheál Ó Coileáin isteach sa ngluaiseacht i 1909. D'fhás dlúthcharadas idir é féin agus an Coileánach agus nuair a d'fhill Ó Coileáin ar Éirinn d'fhan Sam ina phost i Londain agus bhí sé in ann eolas fíorthairbheach do chúis na hÉireann a chur ar fáil. Ba ghearr go raibh sé ina Leifteanantghinearál agus ina stiúrthóir faisnéise in Arm na Poblachta i Londain. Dá mbeadh a fhios ag Rialtas na Breataine faoi, d'íocfadh sé go daor as, mar is cinnte go mba Túr London a bheadh i ndán dó. Ach, buíochas le Dia, níor rug siad air.

Tháinig sé ar ais go hÉirinn nuair a bunaíodh an Saorstát agus lean air ina phost go dtí 1924. D'fhill sé ansin ar a áit dhúchais, áit a bhfuair sé bás ar an 6 Feabhra 1927 agus gan é ach 47 bliain d'aois. I ndiaidh a bháis bhailigh a chairde airgead chun corn a cheannach i gcuimhne ar an sárGhael seo. Bhronn siad an corn ar an gCumann Lúthchleas Gael le haghaidh an chraobhchomórtais peile. Ba iad peileadóirí Chill Dara a bhuaigh an corn gleoite seo den chéad uair riamh ar an 30ú Meán Fómhair 1928 tar éis dóibh an lámh in uachtar a fháil ar an gCabán le cuilín amhain. Ba é Liam Mac Fhionnáin a bhí mar chaptaen orthu ar an ócáid stairiúil sin. Ba é seo an t-aon uair ariamh ar éirigh le báireoirí Chill Dara a n-ainmneacha a fháil ar an gcorn.

Chomh maith le Cill Dara bhuaigh na contaetha seo a leanas Corn Mhig Uidhir:

Ciarraí 25; Corcaigh 4; Baile Átha Cliath 8; Gaillimh 6; An Mhí 6; An Cabhán 5; Maigh Eo 3; Uíbh Fhailí 3; Ros Comáin 2; An Lú 1; Dún na nGall 1 agus Doire 1.

Níor mhiste a lua ag an bpointe seo go mb'éigean Corn Mhig Uidhir ur a thabhairt ar an láthair i 1988 mar go raibh an sean-chorn ag éirí an-chaite agus go raibh baol ann go millfí é. Ba é Micheál Ó Liatháin (Mick Lyons) captaen Chontae na Mí a ghlac seilbh ar an gcorn den uair dheiridh i 1987. Tráthúil go maith ba ar chaptaen buacach eile ó chontae na Mí - Seosamh Ó Caisil (Joe Cassels) - a bronnadh Sam nua i 1988.

I reilig Dhún Mhámaí cois na Bandan atá Sam Maguire curtha. Tá an áit seo i bhfad ó aire agus béicil bhríomhar an ollslua i bPáirc an Chrócaigh. Ní dhéanfaidh Gaeil Éireann dearmad go deo air.



Ar chúl ó chlé: Jim Murray (Cor na Rón), Tom Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Máire Carter Uí Thuathail (Cor na Rón), Stiofán Breathnach (Cor na Rón), Meaig Doc Breathnach (Bánrach), Nóra Phatch Uí Mhárta (Cor na Rón), Maidhc Breathnach (Cor na Rón), Pádraic Chóil Ó Cualáin (Cor na Rón), Jude Mhicí Ní Choisdealbha (Cor na Rón), Peadar Carter Ó Maoileoin (Cor na Rón), Máire Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Cóil Mhicí Ó Coisdealbha (Cor na Rón),

Chun Tosaigh ó chlé: Máirtín Sheáin Jimmy Ó Cualáin (Cor na Rón), John Sheáin Jimmy Ó Cualáin (Cor na Rón), Matt Phadhraicín Ó Diolúin (Cor na Rón), Máirtín Breathnach (Cor na Rón), Maidhc Phatch Mhoir Ó Cualáin (Cor na Rón), Beairtle Ó Muiri (Cor na Rón)

Ó chlé: Séamus Lochlainn Ó Gríofa (Cor na Rón), Maidhc Stiofáin Ó Cualáin (Cor na Rón), Maitiú Bheartla Ó Conghaile (Cor na Rón), Máirtín Mhaitias Ó Gríofa (Cor na Rón), Tom Tom Ó Donnachú (Cor na Rón), Máirtín Thaidhg Ó Conaire (Cor na Rón), Máirtín Stiofáin Ó Cualáin (Cor na Rón), Pádraic Sheamuis Bhille Ó Fátharta (Cor na Rón), Joe Tom Dick Williams (Inis Bearachain), Colm Feairti Ó Fátharta (Cor na Rón).

In áirde ar an 'Trasher' tá Cóil Tom Bhille Ó Fátharta, Cor na Rón.



Ó chlé ar chúl: Tom Khate Ó Cualáin (Lochán Beag), Michael Pheaidí Mac Diarmada (Lochán Beag), Cóil Learaí Ó Finneadh (Lochán Beag). Ó chlé chun tosaigh: Seosamh Ó Márta (Cor na Rón), (Muine mar a b'fhearr aithne air). Cóil Choilm Ó Cualáin (Lochán Beag).



Ó chlé:- Máirtín Bheairtle Ó Cualáin (Lochán Beag), Pat Pheadarín Ó Coinceanainn (Baile an Logáin)



Ó chlé: Máirtín Mharcais Ó Céidigh (Lochán Beag), Máirín an Ghabha Ní Fhatharta (Na hAille), Nan Pheaidí Uí Fhatharta (Na hAille), Joe Hughie Ó Fátharta (Lochán Beag), Cóil Pheaidí Mac Diarmada (Lochán Beag), Pádraic Mharcais Ó Céidigh (Lochán Beag), Mary Mharcais Uí Chéidigh (Lochán Beag), Peaide Bán Mac Diarmada (Lochán Beag)